Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 34

# Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile i dtaca le tithíocht, le seirbhísí uisce, le scéimeanna ilghnéitheacha, le fóirdheontais, le deontais agus le híocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2021 as leithreasaí neamhchaite in 2020, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá farasbarr €116.672 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus nótaí 1 go 7.

***Aistriú feidhmeanna***

Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33) d'Aonad na nIarratas ar Fhorbairt (AIF) den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in éifeacht an 24 Meitheamh 2021 faoi I.R. Uimh. 302 de 2021: an tOrdú um Oidhreacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021.

Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33) d'Aonad na nIarratas ar Fhorbairt (AIF) den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in éifeacht an 31 Márta 2021 faoi I.R. Uimh. 185 de 2021: an tOrdú um Oidhreacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021.

Léirítear sa chuntas leithreasa freisin, a chaithfidh foirm agus formáid an mheastacháin lena mbaineann a leanúint, an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn lánbhliana. Dá bhrí sin, tugtar cuntas ar na feidhmeanna aistrithe uile i gcuntas leithreasa 2021.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an

Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Luacháil ar shócmhainní***

Tá úinéireacht na sé pháirc náisiúnta dílsithe don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, eadhon:

Páirc Náisiúnta Bhoirne
Páirc Náisiúnta Chonamara
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Páirc Náisiúnta Chill Airne
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin
Páirc Náisiúnta Néifinne Fiáine

Ní dhearnadh talamh, foirgnimh ná sócmhainní oidhreachta atá suite laistigh de na páirceanna náisiúnta a luacháil, agus ní léirítear iad sa ráiteas faoi shócmhainní seasta. Cuirtear sócmhainní eile atá suite sna páirceanna, amhail trealamh agus feithiclí, ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní seasta.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta ar bhonn míosúil ón mí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse ar an mbonn seo a leanas

- foirgnimh ag ráta 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí ag ráta 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra ag ráta 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair ag ráta 6.66% in aghaidh na bliana

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bpárolla, acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €80,950 ar an iomlán leo (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Fuair an Roinn conradh le haghaidh sliotáin ama sa Phailliún Tailte Portaigh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP 26) a reáchtáladh i nGlaschú idir an 31 Deireadh Fómhair agus an 12 Samhain 2021, agus an caiteachas cothrom le €45,000 (gan CBL a áireamh). Ní raibh aon sliotán ama eile ar fáil seachas na sliotáin ama sin nuair a bhí an Roinn ag iarraidh freastal ar an imeacht.
- Dámhadh conradh le haghaidh tacaíocht comhairleoireachta comhshaoil i ndáil le hiarratais imeall trá, agus an caiteachas sa bhliain cothrom le €35,950 (gan CBL a áireamh) trí leas a bhaint as próiseas léirithe spéise ar bhonn práinne/seiftiúlachta amháin chun leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais imeall trá a éascú. Tá sé beartaithe go mbunófar creat le haghaidh mionchomórtais d'iarrataí den sórt sin tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais i dtús na bliana 2022.

Tá mionsonraí tugtha ag an Roinn faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Déantar athbhreithniú ar an gclár rioscaí go lárnach agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar gach riosca ardleibhéil ar bhonn rialta. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

D'fhorbair an Roinn clár rioscaí Covid-19 agus plean freagartha Covid-19 chun cuidiú le bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le Covid-19. Áirítear sa phlean réimse rioscaí idir fholláine foirne agus rioscaí slándála TFC agus tá sé ar fáil do choistí áitiúla Covid-19 agus do choistí Roinne Covid-19 chun cuidiú le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí ar leith a thagann chun cinn de bharr Covid-19.

Chuir an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a cuid iniúchtaí in oiriúint chun na rioscaí a bhaineann le paindéim Covid-19 a mheas maidir leis an timpeallacht rialaithe agus le héifeachtacht na rialuithe agus na straitéisí maolaithe atá curtha i bhfeidhm ag an lucht bainistíochta.

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

31 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta***

I gCaibidil 7 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an úsáid a baineadh as Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta.

***Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte***

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach. Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 34 mar chuid den scrúdú sin.

***Fíneáil AE a íoc***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta i nóta 2.14 gurb amhlaidh in 2021 a d'íoc an Roinn fíneáil €5.476 milliún leis an gCoimisiún Eorpach. D'eascair an fhíneáil as breithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2019. Bhain an cás Cúirte le mainneachtain ag Éirinn a chinntiú go ndearnadh measúnacht tionchair timpeallachta chúlghabhálach i ndáil le feirm ghaoithe a tógadh i gContae na Gaillimhe.

Tá an fhíneáil ar fhorchuir an Chúirt í comhdhéanta d'íocaíocht cnapshuime €5 mhilliún (a íocadh in 2020) móide fíneáil laethúil €15,000 i leith gach lae ar a leanann an sárú ar aghaidh, móide costais dlí. Faoi dheireadh na bliana 2021, d'íoc an Roinn fíneálacha arbh ionann iad agus €13.2 milliún san iomlán. Fabhraíodh dliteanas breise €3.495 milliún freisin. Lean an fhíneáil laethúil ar aghaidh, agus d'fhéadfadh sí a bheith ina cúis le dliteanas breise féideartha a bheidh cothrom le €5.5 milliún i leith na bliana 2022.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Iúil 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d’fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

# Cuntas Leithreasa 2021

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 3,116,896 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 117,000 | | | |
| | | | 3,233,896 | 2,782,675 | 2,561,784 |
| B | Seirbhísí Uisce | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,405,371 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,000 | | | |
| | | | 1,415,371 | 1,371,624 | 1,389,694 |
| C | Rialtas Áitiúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 225,084 | | | |
| | *Forlíontach* | 197,300 | | | |
| | | | 422,384 | 720,217 | 1,086,129 |
| D | Pleanáil | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 189,254 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 84,000 | | | |
| | | | 273,254 | 109,854 | 113,904 |
| E | Met Éireann | | 42,821 | 33,659 | 28,267 |
| F | Oidhreacht | | | | |
| | *Bunaidh* | 139,011 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,615 | | | |
| | | | 143,626 | 124,995 | 92,783 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,118,437 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 214,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 198,915 | | | |
| | | | **5,531,352** | **5,143,024** | **5,272,561** |
| | *Lúide* | | | | |
| G | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **61,932** | **66,076** | **55,318** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,056,505 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 214,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 198,915 | | | |
| | | | **5,469,420** | **5,076,948** | **5,217,243** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair chaipitiúil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €275.8 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi Chláir A, D agus F ar aghaidh chuig 2022, le comhaontú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| | **2021** | **2020** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 392,471,868 | 226,544,445 |
| Géilleadh iarchurtha | (275,800,000) | (214,000,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **116,671,868** | **12,544,445** |

**Graham Doyle**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

31 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 5,041,916 | 5,181,338 |
| Pá | | 79,557 | 74,562 |
| Neamhphá | | 21,551 | 16,661 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,143,024** | **5,272,561** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **66,076** | **55,318** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,076,948** | **5,217,243** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (4,314) | | |
| Dímheas | 2,495 | (1,819) | (3,270) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 2,662 | | |
| Méadú ar stoc | (341) | 2,321 | 701 |
| **Caiteachas díreach** | | **5,077,450** | **5,214,674** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 30,625 | 26,062 |
| Measchíosanna | | 4,006 | 3,949 |
| **Glanchostas an chláir** | | **5,112,081** | **5,244,685** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 37 | 14 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 28,134 | 24,391 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 702 | 1,305 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 141 | 124 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,504 | 121 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 107 | 107 |
| | | **30,625** | **26,062** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 63,425 | 57,163 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 384,818 | 233,112 |
| Stoic | 2.3 | 916 | 575 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 1,466 | 1,536 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 8,971 | 7,492 |
| Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | 7.2 | 68,070 | 68,460 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 2,143 | 2,816 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **466,384** | **313,991** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 20,721 | 18,250 |
| Ioncam iarchurtha | 2.8 | 10,364 | 9,160 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.9 | 25,436 | 21,461 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.10 | 361,525 | 214,467 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **418,046** | **263,338** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 48,338 | 50,653 |
| **Glansócmhainní** | | **111,763** | **107,816** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.11 | **111,763** | **107,816** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Fearas, innealra agus mótarfheithiclí | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus TF | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 41,281 | 9,990 | 4,001 | 24,548 | 7,587 | 87,407 |
| Coigeartuithe na bliana roimhe | — | — | — | — | (4) | (4) |
| Breiseanna [b] | 141 | 1,789 | 39 | 502 | 1,836 | 4,307 |
| Sócmhainní a tugadh isteach san úsáid | — | 11 | — | 19 | (30) | — |
| A aistríodh isteach [c] | 6,068 | — | — | 236 | — | 6,304 |
| Diúscairtí | — | (78) | (149) | (13) | — | (240) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 47,490 | 11,712 | 3,891 | 25,292 | 9,389 | 97,774 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 133 | 7,111 | 2,435 | 20,564 | — | 30,243 |
| Coigeartuithe na bliana roimhe [d] | 71 | — | — | (30) | — | 41 |
| Dímheas don bhliain | 345 | 899 | 87 | 1,164 | — | 2,495 |
| Dímheas ar aistrithe | 1,669 | — | — | 141 | — | 1,810 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (78) | (149) | (13) | — | (240) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 2,218 | 7,932 | 2,373 | 21,826 | — | 34,349 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **45,272** | **3,780** | 1,518 | **3,466** | **9,389** | **63,425** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 41,148 | 2,879 | 1,566 | 3,984 | 7,586 | 57,163 |

Nótaí

[a] Ní chuirtear talamh, foirgnimh agus sócmhainní oidhreachta na bpáirceanna náisiúnta ar áireamh.

[b] Cuirtear an tairseach chéanna le sócmhainní na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) i bhfeidhm i Sócmhainní Oidhreachta a aistrítear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) in 2020 i.e., faoi luach €10,000. Ní áirítear sócmhainní arna mbainistiú ag lucht TFC oidhreachta sna figiúirí seo, ní bhíonn siad le feiceáil in RTRÁO ach amháin nuair atá siad fíoraithe. Is próiseas leanúnach é seo; féach nóta c.

[c] Áirítear sna sócmhainní a aistrítear ó RTCEGSM ceithre fhoirgneamh i Sráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath, agus roinnt sócmhainní TFC (a bhfuil costas breis agus €10,000 orthu ina n-aonar). Aistreofar tuilleadh sócmhainní TFC isteach nuair a thabharfar próiseas leanúnach bailíochtaithe chun críche in 2022.

[d] Cuireann RTCEGSM ráta dímheasa 2% i bhfeidhm ar fhoirgnimh; éilítear coigeartú €71,000 chun é a ailíniú le ráta 5% a chuireann RTRÁO i bhfeidhm lúide coigeartú €30,000 chun é a ailíniú le ráta mícheart dímheasa a cuireadh i bhfeidhm cheana ar threalamh radair a raibh an ráta cuí 6.6% i gceist leis.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 384,772 | 233,088 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 46 | 24 |
| | **384,818** | **233,112** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite TF | 235 | 28 |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 146 | 170 |
| Beostoc | 91 | 85 |
| Ábhair thógála | 68 | 129 |
| Stáiseanóireacht | 44 | 43 |
| Breoslaí agus leasacháin | 42 | 33 |
| Ábhair ghlantacháin | 33 | 23 |
| Eile | 257 | 64 |
| | **916** | **575** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht i leith bogearraí | 1,151 | 1,052 |
| Ranníocaíocht Idirnáisiúnta | 150 | 250 |
| Riarachán | 4 | 75 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 161 | 159 |
| | **1,466** | **1,536** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais imeall trá | 5,105 | 3,160 |
| Tobhach pinsin | 2,243 | 2,410 |
| Fáltais Met Éireann | 1,592 | 1,730 |
| Táillí iniúchta | 20 | 192 |
| Seirbhísí agus muirir ag láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 11 | — |
| | **8,971** | **7,492** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tionscadail oidhreachta | | |
| Comhpháirtíocht Straitéiseach Fáilte Éireann | 361 | 347 |
| Cairde Éanlaith Éireann 2020/2021 | 202 | — |
| Teach Chill Airne | 161 | 190 |
| Coill na dTóimí | 142 | 500 |
| Tionscadail eile | 241 | 117 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 789 | 1,354 |
| Costais in-fhorchúitithe tuarastail | 134 | 92 |
| An scéim maidir le pas taistil in-fhorchúitithe | 40 | 41 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 6 | 6 |
| Óinchistí | 3 | 3 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 64 | 166 |
| | **2,143** | **2,816** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 291 | 236 |
| Fabhrú clár | | |
| A - Tithíocht | 14,735 | 11,260 |
| B - Uisce | 69 | 1,238 |
| C - Rialtas Áitiúil | 128 | 9 |
| D - Pleanáil | 3,923 | 3,748 |
| E - Met Éireann | 72 | 845 |
| F - Oidhreacht | 884 | 509 |
| Caiteachais riaracháin | 619 | 405 |
| | **20,721** | **18,250** |

## 2.8 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Ceadúnais imeall trá | 10,364 | 9,160 |
| | **10,364** | **9,160** |

## 2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin bhreisluacha | 1,337 | 653 |
| Cáin ioncaim | 1,166 | 1,027 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 787 | 664 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 511 | 337 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 270 | 233 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 233 | 207 |
| | 4,304 | 3,121 |
| | | |
| An Ciste Forbraíochta Uirbí [a] | 6,683 | 8,385 |
| Dúlra an Atlantaigh Fhiáin, LIFE [b] | 3,578 | 2,710 |
| Tionscadal comhtháite LIFE [b] | 3,326 | 2,164 |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe | 2,447 | 1,257 |
| Tionscadal LIFE an Mhachaire [b] | 2,221 | — |
| Tionscadal LIFE Crex an Atlantaigh [a] | 1,241 | 1,306 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 326 | 308 |
| Tionscadal LIFE Chiarraí [b] | 182 | 201 |
| Tionscadal athchóirithe LIFE um Portaigh Ardaithe [b] | 158 | 1,242 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 970 | 767 |
| | **25,436** | **21,461** |

Nótaí
[a] Féach Nóta 7.1.

[b] Is é ia clár LIFE ann ná uirlis maoiniúchán AE a chuireann tacaíocht ar fáil do thionscadail chomhshaoil, do thionscadail um chaomhnú an dúlra agus do thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide tríd an Aontas Eorpach. Is é atá de chuspóir go ginearálta le LIFE ná cur le beartas agus reachtaíocht AE maidir le cúrsaí timpeallachta agus aeráide a chur chun feidhme, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt trí threoirthionscadail nó tionscadail taispeána a bhfuil breisluach Eorpach leo a chómhaoiniú.

[c] Baineann an t-iarmhéid atá léirithe thuas le réamh-mhaoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT) go dtí go bhfaighfear éilimh fhíoraithe i leith tionscadail aonair. Bunaíodh CAFT mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus cuirtear infheistíocht ar fáil leis chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine iontu, agus i limistéir fhorimeallacha. Déanann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é a riar. Áirítear ar na príomhthorthaí tacú le forbairt inbhuanaithe pobail agus geilleagair i gceantar tuaithe na hÉireann, lena n-áirítear trí bhailte beaga agus sráidbhailte beaga a athghiniúint agus trí fhiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh chun tacú le poist a chruthú i gceantair thuaithe. Faoin gcéad ghlao ar thionscadail, sannadh maoiniú thart ar €5.4 milliún do bhreis agus 30 tionscadal aonair ar fud líonra láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Is ionann an maoiniú sin agus 75% de chostais an tionscadail agus áirítear ar na tionscadail conairí a uasghrádú agus a fhorbairt ar fud líonra na bpáirceanna agus na n-anaclann, tuilleadh áiseanna do chuairteoirí agus comharthaíocht/brandáil fheabhsaithe.  Ceannaíodh busanna leictreacha i bpáirceanna náisiúnta roghnaithe chomh maith chun cuidiú le lorg charbóin ghníomhaíochtaí na gcuairteoirí a laghdú.

## 2.10 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr | 116,672 | 12,544 |
| Géilleadh iarchurtha | 275,800 | 214,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (30,947) | (12,077) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **361,525** | **214,467** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 384,818 | 233,112 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,143 | 2,816 |
| | 386,961 | 235,928 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (4,304) | (3,121) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (21,132) | (18,340) |
| | (25,436) | (21,461) |
| | **361,525** | **214,467** |

## 2.11 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 107,816 | 61,180 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 5,469,420 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (275,800) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (116,672) | | |
| Glanvóta | | | 5,076,948 | 5,217,243 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 30,625 | 26,062 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 4,006 | 3,949 |
| Sócmhainní a aistríodh isteach sa Roinn | 2.1 | | 4,494 | 44,067 |
| Athaicmiú na sócmhainní oidhreachta | | | (45) | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (5,112,081) | (5,244,685) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **111,763** | **107,816** |

## 2.12 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 6,358 | 4,126 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 1,174,083 | 1,074,726 |
| Cláir deontas caipitil | 2,075,841 | 2,333,985 |
| Tionscadail comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí | 603,377 | 627,511 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **3,859,659** | **4,040,348** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 1,074,726 | 982,895 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,022,108) | (864,018) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,121,465 | 955,849 |
| **Iarmhéid deiridh** | **1,174,083** | **1,074,726** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 2,333,985 | 1,543,599 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (1,490,604) | (1,347,099) |
| Ceangaltais deontais nua | 1,232,460 | 2,137,485 |
| **Iarmhéid deiridh** | **2,075,841** | **2,333,985** |

**d) Ceangaltais mórthionscadal caipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteach as in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteach as iomlán ionchasa ch thar shaolré an tionscad ail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail tithíochta** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| ***Tógáil*** | | | | | |
| *Arna gcómhaoiniú* [a] | | | | | |
| Aislinn, Bóthar Chill Rois Inis, Contae an Chláir: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 1,548 | — | 1,548 | — |
| Roinn | 667 | 4,985 | 3,334 | 8,986 | 10,534 |
| | 667 | 6,533 | 3,334 | 10,534 | 10,534 |
| Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 347 | 1,080 | — | 1,427 | 347 |
| Roinn | 7,669 | 5,728 | 2,365 | 15,762 | 16,842 |
| | 8,016 | 6,808 | 2,365 | 17,189 | 17,189 |
| Athchóiriú Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 10,288 | — | — | 10,288 | 10,288 |
| Roinn | 24,216 | — | 13,696 | 37,912 | 37,912 |
| | 34,504 | — | 13,696 | 48,200 | 48,200 |
| Sráid Dhoiminic (an Taobh Thoir), Cathair Bhaile Átha Cliath: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 3,434 | — | — | 3,434 | 3,434 |
| Roinn | 23,411 | — | 2,458 | 25,869 | 25,869 |
| | 26,845 | — | 2,458 | 29,303 | 29,303 |
| Bóthar Bhun Raite (Céim 1), Baile Átha Cliath 17: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,224 | 2,564 | — | 3,788 | 1,224 |
| Roinn | 13,529 | 10,089 | 1,812 | 25,430 | 27,994 |
| | 14,753 | 12,653 | 1,812 | 29,218 | 29,218 |
| Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A), Cathair Bhaile Átha Cliath: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,139 | — | — | 1,139 | 1,139 |
| Roinn | 9,532 | 5,139 | 4,859 | 19,530 | 19,530 |
| | 10,671 | 5,139 | 4,859 | 20,669 | 20,669 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteach as in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteach as iomlán ionchasa ch thar shaolré an tionscad ail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,017 | — | — | 1,017 | 1,017 |
| Roinn | 8,765 | 9,397 | 3,197 | 21,359 | 21,100 |
| | 9,782 | 9,397 | 3,197 | 22,376 | 22,117 |
| Sráid Chorcaí, Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 1,593 | — | 1,593 | — |
| Roinn | 7,085 | 8,011 | 3,764 | 18,860 | 20,453 |
| | 7,085 | 9,604 | 3,764 | 20,453 | 20,453 |
| Sráid an Rí Thuaidh, Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 882 | — | 882 | — |
| Roinn | 5,583 | 4,838 | 1,623 | 12,044 | 12,926 |
| | 5,583 | 5,720 | 1,623 | 12,926 | 12,926 |
| Ard Bhaile Uí Ógáin, Baile Uí Ógáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 89 | — | — | 89 | — |
| Roinn | — | — | 18,961 | 18,961 | — |
| | 89 | — | 18,961 | 19,050 | — |
| Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 5,413 | — | — | 5,413 | 5,413 |
| Roinn | 6,205 | — | 305 | 6,510 | 6,510 |
| | 11,618 | — | 305 | 11,923 | 11,923 |
| Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 5,041 | — | — | 5,041 | 5,041 |
| Roinn | 4,630 | — | 412 | 5,042 | 5,042 |
| | 9,671 | — | 412 | 10,083 | 10,083 |
| Clós Chill Tiarnáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 6,985 | — | 6,985 | — |
| Roinn | — | 2,709 | 12,261 | 14,970 | 21,955 |
| | — | 9,694 | 12,261 | 21,955 | 21,955 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteach as in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteach as iomlán ionchasa ch thar shaolré an tionscad ail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1), Fine Gall: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,260 | — | — | 2,260 | 2,260 |
| Roinn | 8,872 | 731 | 18 | 9,621 | 9,348 |
| | 11,132 | 731 | 18 | 11,881 | 11,608 |
| Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 48 | 615 | — | 663 | 48 |
| Roinn | 14,797 | 2,646 | — | 17,443 | 17,240 |
| | 14,845 | 3,261 | — | 18,106 | 17,288 |
| Garraí Beag, Bóthar Mhuine Mheá, An Baile Bán Mór, Cathair na Gaillimhe: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 327 | — | 327 | — |
| Roinn | 2,805 | 1,806 | 9,212 | 13,823 | 14,150 |
| | 2,805 | 2,133 | 9,212 | 14,150 | 14,150 |
| St Aiden’s, Gort an tSrutháin, Tamhlacht: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 4,276 | — | — | 4,276 | 4,276 |
| Roinn | 14,942 | 7 | 597 | 15,546 | 15,546 |
| | 19,218 | 7 | 597 | 19,822 | 19,822 |
| Cuidbhricht, Cluain Dolcáin (Céim 1), Baile Átha Cliath Theas: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,988 | — | — | 2,988 | 2,988 |
| Roinn | 8,405 | — | 817 | 9,222 | 9,222 |
| | 11,393 | — | 817 | 12,210 | 12,210 |
| Baile Baodáin, Ráth Fearnáin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 2,303 | — | — | 2,303 | 2,303 |
| Roinn | 9,765 | 26 | 737 | 10,528 | 10,528 |
| | 12,068 | 26 | 737 | 12,831 | 12,831 |
| Gleanntán na hAbhann, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22; | | | | | |
| Údarás áitiúil | 101 | 438 | — | 539 | 101 |
| Roinn | 236 | 2,142 | 9,940 | 12,318 | 12,756 |
| | 337 | 2,580 | 9,940 | 12,857 | 12,857 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ascaill Mharcais, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 32 | 267 | — | 299 | — |
| Roinn | 41 | 675 | 9,604 | 10,320 | — |
| | 73 | 942 | 9,604 | 10,619 | — |
| Bóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 663 | — | 663 | — |
| Roinn | 871 | 589 | 27,161 | 28,621 | — |
| | 871 | 1,252 | 27,161 | 29,284 | — |
| Ashtown Lane, Baile Chill Mhantáin, Cill Mhantáin: | | | | | |
| Údarás áitiúil | — | 660 | — | 660 | — |
| Roinn | 1,811 | 8,749 | 1,808 | 12,368 | 13,029 |
| | 1,811 | 9,409 | 1,808 | 13,028 | 13,029 |
| *Maoinithe ag an Roinn* | | | | | |
| Bóthar na Tulaí, Ceatharlach: | 7,163 | 6,103 | 16 | 13,282 | 13,142 |
| Cluain Gréine, Inis, an Clár: | — | — | 18,535 | 18,535 | — |
| Bóthar na hEaglaise, Cathair Chorcaí: | 11,851 | — | 139 | 11,990 | 11,990 |
| Cúirt Chnoc na Seamar, Bóthar Bessboro, Machain, Cathair Chorcaí: | 34 | 2,043 | 13,485 | 15,562 | — |
| Carraig an Deagánaigh, an Tóchar, Cathair Chorcaí: | 16,142 | 144 | 943 | 17,229 | 17,229 |
| Crois Denroche, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí: | — | — | 14,185 | 14,185 | 14,185 |
| Muileann Uí Bheoláin roimhe seo, Seanbhóthar Mhala, Cathair Chorcaí: | — | 2,800 | 14,637 | 17,437 | — |
| Bóthar Chúrsa an Uisce, an Linn Dubh, Corcaigh, Cathair Chorcaí: | 1,680 | 1,676 | 8,291 | 11,647 | 11,647 |
| Sráid an Fhaoitigh, Cathair Chorcaí: | 12,538 | 163 | — | 12,701 | 12,701 |
| Cúirt Wolsey, an Linn Dubh, Cathair Chorcaí: | — | — | 15,773 | 15,773 | — |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Clarendon Brooks, Carrs Hill, Dúglas, Contae Chorcaí: | 11,689 | 1,221 | 364 | 13,274 | 13,274 |
| Hazelbrook, Ballyvinter, Mala, Contae Chorcaí: | 8,100 | 5,094 | 3,330 | 16,524 | 16,524 |
| Cill Mhóna, Carraig Uí Leighin, Contae Chorcaí: | — | 1,761 | 15,846 | 17,607 | 17,118 |
| Bóthar an Mhuilinn, Avoncore, Bloomfield, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí: | 2,585 | 8,426 | — | 11,011 | 11,011 |
| Convent Road, Carn Domhnach, Dún na nGall: | — | — | 11,720 | 11,720 | 11,720 |
| Ard Mireann, Srath an Urláir, Dún na nGall: | — | — | 10,588 | 10,588 | 10,588 |
| Sráid Bonham, Baile Átha Cliath 8: | 9,936 | 9,120 | 1,996 | 21,052 | 21,052 |
| Gort na Silíní, Baile Formaid/ Bruach na Coille/ Ráth Bhile, Cathair Bhaile Átha Cliath: | 16,728 | — | 3,145 | 19,873 | 19,873 |
| Springvale, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 8: | 12,975 | 12,586 | 3,703 | 29,264 | 29,264 |
| Baile Mastún, Domhnach Bat, Fionnghlas: | — | — | 70,585 | 70,585 | — |
| Tailte Cheapaí (Céim 3), Bóthar Cheapaí, Fionnghlas | 15 | 6,164 | 12,511 | 18,690 | 18,690 |
| Church Fields, Céim 2B, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15, Fine Gall | 16 | 1,656 | 19,419 | 21,091 | — |
| Garraí Caol (Suíomh Bhóthar an Chósta), Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe | 1,000 | — | 13,266 | 14,266 | 14,266 |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 €000 | Caiteachas in 2021 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Radharc na Gréine (Suíomh Theach na Gloine), Bóthar Mhuine Mheá (Céim 1), Cathair na Gaillimhe | 17,673 | 1,217 | 194 | 19,084 | 19,084 |
| An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí | — | — | 17,915 | 17,915 | — |
| Fána Bhuí, Tuaim, Gaillimh | 883 | 5,952 | 3,730 | 10,565 | 10,565 |
| Coill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, Gaillimh | 4,464 | 8,765 | 100 | 13,329 | 13,171 |
| Tullahill, Baile Locha Riach, Gaillimh | 14,439 | 2,485 | 20 | 16,944 | 16,569 |
| Lohercannon, Trá Lí, Ciarraí | 4,242 | 5,085 | 6,287 | 15,614 | 15,614 |
| An Baile Nua, Bóthar Ard Cloch, Cill Droichid, Cill Dara | — | — | 18,190 | 18,190 | — |
| Bóthar Hebron, Cill Chainnigh | 802 | — | 15,411 | 16,213 | 16,213 |
| Seansuíomh na gCríostaithe, An Ráth Bhán, Luimneach | 6,678 | 3,902 | 764 | 11,344 | 11,344 |
| Gort Buí, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú | 6,830 | 7,179 | 243 | 14,252 | 14,251 |
| Páirc Wadman, Baile Héine, Dún Dealgan, Co. Lú | 17,329 | — | 88 | 17,417 | 17,417 |
| Rehins Fort, Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo | 152 | 1,472 | 9,943 | 11,567 | — |
| Clochar na nUrsalach, Sligeach | — | — | 20,646 | 20,646 | — |
| Mount William, Baile Liam, Cathair Phort Láirge | 325 | 13,222 | 162 | 13,709 | 13,709 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cluain Haistin, Inis Córthaidh, Loch Garman | — | — | 11,255 | 11,255 | 11,255 |
| Lána Chill Bhríde, Bré, Cill Mhantáin | 16,851 | 228 | 263 | 17,342 | 17,342 |
| Merrymeeting View, Ráth Naoi, Cill Mhantáin | 11,440 | 28 | 349 | 11,817 | 11,817 |
| **Iomlán** | **428,397** | **194,381** | **486,978** | **1,109,756** | **820,990** |

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020** | **Caiteachas in 2021** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **An Scéim Cúnaimh Caipitil** | | | | | |
| 25-26 Oileán Uiséir, Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 122 | 143 | 264 | 529 | 529 |
| Roinn | 1,013 | 3,425 | 29,073 | 33,511 | 31,587 |
| | 1,135 | 3,568 | 29,337 | 34,040 | 32,116 |
| Bloc 70, An Plaza, An Pháirc Thiar, Baile Átha Cliath 12 | — | — | 14,199 | 14,199 | 14,199 |
| **Iomlán** | **1,135** | **3,568** | **43,536** | **48,239** | **46,315** |
| | | | | | |
| **Athghiniúint** | | | | | |
| *Cómhaoinithe* [a] | | | | | |
| Teach an Charnáin, | | | | | |
| Baile Átha Cliath 8: | | | | | |
| Údarás áitiúil | 1,490 | — | — | 1,490 | 1,490 |
| Roinn | 22,610 | — | 1,747 | 24,357 | 24,357 |
| | 24,100 | — | 1,747 | 25,847 | 25,847 |
| | | | | | |
| *Maoinithe ag an Roinn* | | | | | |
| Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath | 20,415 | 1,689 | 875 | 22,979 | 21,100 |
| Athghiniúint Chorcaí (Céim 2), Cnoc na hAoine/ Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí | 11,417 | — | 436 | 11,853 | 11,853 |
| Sráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach | 19,460 | — | 128 | 19,588 | 19,588 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ionad Áitiúil an Chnoic Theas, Luimneach | 12,717 | 58 | 51 | 12,826 | 12,826 |
| Páirc Mhic Cosgair/ Páirc Dhál gCais, Luimneach | 754 | 667 | 21,105 | 22,526 | — |
| Ionad Áitiúil an Chnoic Theas- Céim 2, Luimneach | 214 | 187 | 12,301 | 12,702 | — |
| **Iomlán** | **89,077** | **2,601** | **36,643** | **128,321** | **91,214** |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Bonneagar** | | | | | |
| Na Dugaí Theas, Cathair Chorcaí | 4,368 | 2,651 | 4,771 | 11,790 | 11,710 |
| Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath | 638 | — | 11,172 | 11,810 | 11,810 |
| Coill na Silíní, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 3,186 | 430 | 8,044 | 11,660 | 11,630 |
| Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall | 10,785 | — | — | 10,785 | 10,785 |
| Maigh Nuad, Co. Chill Dara | 641 | 249 | 10,140 | 11,030 | 11,000 |
| Baile Adaim, Baile Átha Cliath Theas | 3,816 | 5,983 | 5,376 | 15,175 | 15,129 |
| **Iomlán** | **23,434** | **9,313** | **39,503** | **72,250** | **72,064** |

Nóta [a] Cómhaoinítear roinnt tionscadal tríd an Roinn agus trí chistí dílse údarás áitiúil áirithe ó choinneáil Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) (coinnítear 80% d'fháltais CMÁ i limistéar údaráis áitiúil go háitiúil). D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar cheangaltais na Roinne sna blianta ina dhiaidh sin dá mbeadh údaráis áitiúla sa riocht a gcistí dílse a úsáid ó choinneáil CMÁ.

**Difríochtaí suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos maidir le haon mhórcheangaltas i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2020.

**Bóthar Bhaile an Mhóinín**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €817,796*

Baineann an méadú sa chostas don scéim seo le difríochtaí/orduithe athraithe ar an gconradh le linn na tréimhse tógála. Táthar ag fanacht leis an gcuntas deiridh don tionscadal ón údarás áitiúil. Tar éis don Roinn é a mheas, cinnteofar an difríocht iomlán i gcostais don scéim.

**25-26 Oileán Uiséir**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.924 milliún*

Fágadh Caiteachas 2020 dar luach €1.135 milliún ar lár i gcostais tionscadail de bhotún ag an 31 Nollaig 2020. Baineann an méadú ar mhaoiniú ceadaithe le hoibreacha atá de dhíth chun iniúchtaí/tástáil seandálaíochta a dhéanfar i ndiaidh na tairisceana a éascú.

**Gairdíní San Treasa**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.879 milliún*

Tháinig méadú €1.879 milliún ar an gcaiteachas iomlán ionchasach tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh chun costais mórthionscadal a áireamh ann, lena n-áirítear táillí na foirne deartha.

**e) Íocaíochtaí aonadacha tionscadal comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí**

Tá gealltanas tugtha ag an Roinn go bhforbródh sí Clár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí um Thithíocht Shóisialta ina gcuimseofaí trí bheartán tionscadal. Chuathas i mbun na gconarthaí le haghaidh dhá bheartán go dtí seo. Baintear úsáid as samhail leis na bearta seo ar a dtugtar samhail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí ‘bunaithe ar infhaighteacht’, áit a ndéanann cuideachta earnála príobháidí aonaid tithíochta sóisialta a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil i gcomaoin muirir aonadaigh mhíosúil. Tosófar ag íoc na híocaíochta sin nuair a bheidh na haonaid críochnaithe, agus íocfar í ar feadh 25 bliana ó dháta thabhairt chun críche na tógála ar gach láithreán. Cuimsítear sna híocaíochtaí gach costas faoin gconradh, lena n-áirítear costais tógála tosaigh na n-aonad, chomh maith le costais maidir le cothabháil, le hoibriúchán, le saolré, le bainistíocht tionóntachtaí agus le maoiniú. Cuimsítear dhá ghné sna híocaíochtaí, arb iad sin gné costais sheasta agus gné inathraitheach (innéacsaithe), gné a athraíonn de réir boilscithe.

**Beartán 1**

Tugadh Beartán 1 chun críche in R2 2021, agus cuirtear 534 aonad ar fud sé láithreán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar fáil leis. Tá dhá cheann de na suíomhanna sin suite i gCathair Bhaile Átha Cliath, agus na cinn eile suite i mBaile Átha Cliath Theas, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus i Lú. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le gníomhú mar phríomhúdarás áitiúil agus mar údarás conarthach chun Beartán 1 a sholáthar.

**Beartán 2**

Tugadh Beartán 2 chun críche in R4 2021 agus cuirtear 465 aonad ar fud ocht suíomh ar fáil leis. Tá trí cinn de na láithreáin suite i limistéar údarás áitiúil Chontae Chorcaí, a bhfuil ceann amháin díobh i gCathair na Gaillimhe, i bPort Láirge, sa Chlár, i gCill Dara agus i Ros Comáin. Tá Comhairle Chontae Chorcaí ag gníomhú mar phríomhúdarás áitiúil agus mar údarás conarthach le haghaidh Bheartán 2.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán na dtionscadal in 2021 [b] | Iomlán na dtionscadal in 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Beartán 1 [a] | 1,498 | 24,702 | 313,526 | 339,726 | 339,631 |
| Beartán 2 [a] | — | 2,360 | 289,851 | 292,211 | 289,378 |
| Iomlán | **1,498** | **27,062** | **603,377** | **631,937** | **629,009** |

Nóta [a] Léirítear sa tábla seo oibleagáidí muirir aonadaigh maidir le beartáin Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí um thithíocht shóisialta atá curtha i gcrích go dtí seo, lena n-áirítear an 31hain bhreisluacha mheasta ar na híocaíochtaí muirir aonadaigh.

[b] Is mar gheall ar bhoilsciú a bhí níos airde ná mar a bhí measta in 2021 a tháinig méadú ar iomláin na dtionscadal in 2021. Mar is gnách do thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí, bíonn ráta bliantúil boilscithe 2% in aghaidh na bliana ar an ngné innéacsaithe den mhuirear aonadach. Áirítear ar na figiúirí cothrom le dáta an fíor-ráta boilscithe do 2021, a bhí níos airde ná an ráta measta, agus é cothrom le 2%. Tá tionchar aige sin ar na blianta amach romhainn mar cuirtear an figiúr 2% atá measta i bhfeidhm i ngné innéacsaithe a bhfuil bonn níos airde i gceist leis.

## 2.13 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | 72 | 34 |

## 2.14 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí, a bhféadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh chaingne AE agus ar chaingne eile dlí atá ann cheana, atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

**Comhlíonadh AE: Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin:**

Le linn 2021, d'íoc an Roinn dhá thráthchuid d'fhíneálacha laethúla arbh ionann a n-iomlán agus €5.476 milliún. Baineann na fíneálacha le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-261/18 - An Coimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin). Leis an mbreithiúnas, éilíodh measúnacht tionchair timpeallachta shiarghabhálacha a chur i gcrích agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcead pleanála. Dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas an 4 Feabhra 2022 agus chinn BSL an fheirm ghaoithe a dhíchoimisiúnú ina dhiaidh sin. Buailfidh oifigigh sa Roinn lena gcontrapháirtithe sa Choimisiún Eorpach in am trátha chun an tionchar a bheidh ag an gcinneadh ón mBord Pleanála ar an gcás sáraithe i gcoinne an Stáit, agus na fíneálacha lena mbaineann, a phlé. Tá fíneálacha laethúla leanúnacha i dtaca leis an gcás seo, áfach, a bhféadfadh dliteanas €5.5 milliún eascairt astu in 2022.

**An Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha:**

Is ranníocaíocht dheonach eisceachtúil i bhfoirm scéim deontais í an Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha, ar bhunaigh an Roinn í agus ar cheadaigh an Rialtas í chun cuidiú le húinéirí tí áirithe lochtanna atá ar a dteaghais a chur ina gceart. Leis an scéim sin, cruthófar glao measta €2.15 billiún (gan boilsciú a áireamh) ar chistí Státchiste i gcaitheamh tréimhse cúig bliana déag agus déanfar í a reachtú faoin mBille um Theaghaisí a nDearnadh Díobháil dóibh toisc Bloic Choincréite Lochtacha a bheith Úsáidte, 2022.

**An Clár Ilbhliantúil Réitigh um Bonneagar Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí:**

Thug an Roinn clár ilbhliantúil isteach in 2019 chun an réiteach forchéimnitheach d'fhothacar eastát cónaithe nach bhfuil ceannas glactha orthu agus nach bhfuil a seirbhísí uisce nasctha leis an líonra poiblí (Uisce Éireann) a éascú, trí iad a uasghrádú nó réitigh inbhuanaithe nua a chur ina n-áit.

Beidh gá le roinnt clár maoinithe, a bhfuil costas caipitil measta €293 mhilliún i gceist leo, chun eastáit a réiteach go hiomlán agus go forchéimnitheach le bonneagar arna sholáthar ag forbróirí. Is é an chéad chéim ná an chéad bhabhta de leithdháiltí, arb ionann iad agus €3.36 milliún agus ar fhógair an tAire iad i mí Mheán Fómhair 2020, agus áirítear ann líon beag tionscadal taispeántais le haghaidh infheistíocht faoin gclár ilbhliantúil. Tá Uisce Éireann i mbun staidéir faoi láthair chun eolas níos fearr a dhéanamh don chostas measta chun bonneagar arna sholáthar ag forbróirí a réiteach.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 83,306 | | | |
| | *Forlíontach* | 880 | | | |
| | | | 84,186 | 79,557 | 74,562 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 2,233 | 978 | 1,002 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 2,538 | 2,124 | 1,792 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 1,481 | 1,296 | 1,000 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,709 | | | |
| | *Forlíontach* | 735 | | | |
| | | | 22,444 | 14,236 | 10,728 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 4,247 | 2,542 | 2,025 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 83 | — | 14 |
| viii | Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht) | | 199 | 72 | 1 |
| ix | Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe) | | 80 | 38 | 39 |
| x | Oibríochtaí Earcaíochta agus AD | | 332 | 265 | 60 |
| | | | **117,823** | **101,108** | **91,223** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin an Vóta (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €2.233 milliún; toradh €978,000*

Bhí an caiteachas €1.255 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr caiteachas níos lú ná mar a measadh a bheith ar thaisteal mar thoradh ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm maidir le Paindéim Covid-19.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €21.709 milliún; toradh €14.236 milliún*

Áirítear san fhotheideal seo meastachán forlíontach €735,000, a aistríodh chuig an Roinn mar chuid d'aistriú na bhfeidhmeanna ó RTCEGSM. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €8.208 milliún níos ísle ná an meastachán de bharr iarmhairtí phaindéim Covid-19 go príomha. Tharla moilleanna ar thionscadail agus uasghráduithe caipitil suntasacha a ndearna Met Éireann agus Aonad TFC na Roinne iad a sceidealú mar thoradh ar bhristeacha sa slabhra soláthair domhanda. Bhí moill ar thionscadail sheachtracha a bhí dian ar acmhainní freisin mar aon le soláthar lárnach na huirlise bainistíochta tionscadail. Tharla costais laghdaithe mar thoradh ar aistriú chuig SharePoint ar líne agus tiomsú láraithe chun iarratais a chomhroinnt.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €4.247 milliún; toradh €2.542 milliún*

Bhí an caiteachas €1.705 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin toisc nár cuireadh máistirphlean Theach an Chustaim agus tionscadail chaipitil eile i gcrích in 2021, mar gheall ar dhúnadh na hearnála tógála de bharr phaindéim Covid-19.

**viii Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)**

*Soláthar meastacháin €199,000; toradh €72,000*

Bhí an caiteachas €127,094 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr shrianta Covid-19 lenar coisceadh taighde agus tionscadail athbhreithnithe ábhartha a thosú.

## Clár A Tithíocht

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 15,481 | 17,244 | 17,409 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 3,471 | 2,320 | 3,135 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,078,559 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 58,000 | | | |
| | | | 1,136,559 | 960,676 | 890,575 |
| A.4 | Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta | | 250,000 | 271,900 | 197,357 |
| A.5 | An scéim um chóiríocht ar cíos | | 133,000 | 121,995 | 132,964 |
| A.6 | An scéim um íocaíocht cúnaimh Tithíochta | | 558,000 | 541,693 | 464,649 |
| A.7 | An scéim um chúnamh caipitil | | 96,000 | 93,047 | 90,749 |
| A.8 | An scéim um iasachtaí caipitil agus fhóirdheontas | | 54,500 | 53,880 | 53,087 |
| A.9 | Áiseanna pobail | | 500 | 122 | 78 |
| A.10 | Morgáiste go Cíos | | 23,000 | 13,988 | 11,732 |
| A.11 | Saoráid airleacain caipitil agus léasaithe | | 220,350 | 220,350 | 158,799 |
| A.12 | Cóiríocht agus tacaíocht do Thaistealaithe | | 21,310 | 21,301 | 19,818 |
| A.13 | Cóiríocht do dhaoine gan dídean | | 218,000 | 223,500 | 270,900 |
| A.14 | Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta | | 1,370 | 838 | 512 |
| A.15 | Obair athghiniúna/leasúcháin eastáit | | 73,000 | 43,779 | 65,203 |
| A.16 | Éifeachtúlacht fuinnimh – iarfheistiú | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 25,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 40,000 | | | |
| | | | 65,000 | 25,284 | 66,092 |
| A.17 | An scéim deisiúcháin agus léasúcháin | | 11,000 | 4,276 | 4,003 |
| A.18 | Deontais tithíochta príobháidí | | 60,000 | 53,990 | 44,407 |
| A.19 | Liúntais mhorgáiste | | 500 | 471 | 408 |
| A.20 | Fóirdheontas tithíochta inacmhainne/úinéireachta comhroinnte | | 3,000 | 1,855 | 2,325 |
| A.21 | Ciste bonneagair | | 88,000 | 19,903 | 31,650 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| A.22 | Leasúchán piríte agus míoca – airgeadteoranta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 21,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 19,000 | | | |
| | | | 40,000 | 19,050 | 13,775 |
| A.23 | An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | | 10,875 | 9,456 | 8,750 |
| A.24 | An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | | 11,012 | 11,012 | 6,870 |
| A.25 | Cigireacht ar chóiríocht ar cíos | | 12,500 | 5,263 | 4,555 |
| A.26 | Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe | | 1,274 | 1,050 | — |
| A.27 | Cothabháil/folúis atá beartaithe | | 13,000 | 32,146 | — |
| A.28 | Cothromas comhroinnte inacmhainne agus cíos de réir costais | | 110,000 | 9,253 | — |
| A.29 | Seirbhísí eile | | 3,194 | 3,033 | 1,982 |
| | | | **3,233,896** | **2,782,675** | **2,561,784** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €451.2 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí róchaitheamh €612,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár A, tá tearc-chaitheamh ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €451.8 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**A.3 Tithíocht údaráis áitiúil**

*Soláthar meastacháin €1.137 billiún; toradh €960.676 milliún*

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €58 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Bhí an caiteachas €175.883 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr thionchar shrianta breisithe Leibhéal 5 Covid-19 go príomha a tugadh isteach i mí Eanáir, arbh é an toradh a bhí orthu ná stop a chur le formhór na tógála cónaithe ar feadh breis agus trí mhí, rud a raibh tionchar aige ar sholáthar agus ar chaiteachas faoin bhfotheideal.

Ba é 3,362 aonad an sprioc tógála a bhí ag an Roinn in 2021 (gan tithíocht a bhaineann le Cuid V agus le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a áireamh). Bhí tionchar ag moilleanna ar thógáil a bhain le Covid-19 ar thithíocht a sholáthar, ar soláthraíodh 1,381 aonad mar thoradh orthu. Cé nár baineadh na spriocanna tithíochta sóisialta údaráis áitiúil amach faoin bhfotheideal seo, rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail tithíochta tríd an gcéim tógála ar an láithreán. Bhí roinnt tithe sóisialta ar an láithreán/i mbun tógála lenar tabhaíodh caiteachas suntasach in 2021 ag deireadh 2021, cé nár cuireadh i gcrích iad laistigh den bhliain, de bharr moilleanna a bhain le paindéim Covid-19.

**A.4 Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta**

*Soláthar meastacháin €250 milliún; toradh €271.9 milliún*

Ba mar thoradh ar mhéadú ar éilimh thosaigh, arbh é sin c.1,000 réadmhaoin in 2021 (3,749 gcinn in 2020 i gcomparáid le 4,757 gcinn in 2021), a tharla méadú €21.9 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó, ar méadaíodh costais éilimh an dá aonad nua agus costais na n-éileamh ráithiúil ar aonaid atá ann cheana le linn na bliana mar thoradh air.

**A.5 An scéim um chóiríocht ar cíos (SCC)**

*Soláthar meastacháin €133 mhilliún; toradh €121.995 milliún*

Bhí an caiteachas €11.005 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr athruithe ar nósanna imeachta aisghabhála SCC d'íocaíochtaí cíosa le tiarnaí talún príobháideacha a tugadh isteach in 2021, agus líon méadaithe daoine a d'éalaigh ó SCC le linn na bliana go príomha.

**A.9 Áiseanna pobail**

*Soláthar meastacháin €500,000; toradh €121,534*

Is áiseanna breise iad tionscadail áiseanna pobail chun cur le tionscadail tógála na Scéime Cúnaimh Caipitil. Bhí an caiteachas €378,466 níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr srianta oibre a bhain leis an earnáil tógála, a bhí mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar an gclár a bheith bunaithe ar éileamh.

**A.10 Morgáiste go Cíos**

*Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €13.988 milliún*

Bhí an caiteachas €9.012 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr thionchar leanúnach shrianta Covid-19 go príomha, agus bhí moilleanna leanúnacha ann ar idirbhearta 'Morgáiste go Cíos' (MGC) a dhúnadh dá bharr sin. Ina theannta sin, bhí líon laghdaithe éileamh caipitil ar obair deisiúcháin ar réadmhaoine MGC a fuarthas ó údaráis áitiúla de bharr shrianta Covid-19 ar obair thógála. Maoiníodh caiteachas breise scéime €1.755 milliún ó CMÁ in 2021, rud a rinne an tearc-chaitheamh a pháirt-fhritháireamh.

**A.14 Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta**

*Soláthar meastacháin €1.37 milliún; toradh €838,000*

Bhí an caiteachas €532,269 níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr nár caitheadh an leithdháileadh iomlán €300,000 d'Oifigigh Cothaithe Tionóntachtaí (OCT) do dhaoine a bhfuil míchumas meabhairshláinte orthu. Oibríonn roinnt OCTanna go páirtaimseartha, rud a chiallaíonn nach mbaineann an tuarastal iomlán leo. Ina theannta sin, níor leithdháileadh maoiniú caipitil €500,000 ar ceadaíodh é chun scéim deontais tithíochta do dhaoine scothaosta a thabhairt isteach chun a chur ar a gcumas cónaí a bheith orthu sna tithe atá acu cheana i gcónaí, seachas iad a bhogadh isteach chuig cúram cónaithe, de bharr saincheisteanna dlí a sainaithníodh lenar cuireadh cosc ar an scéim a chur ar bun.

**A.15 Obair athghiniúna/leasúcháin eastáit**

*Soláthar meastacháin €73 mhilliún; toradh €43.779 milliún*

Bhí an caiteachas €29.221 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr iarmhairtí dhúnadh láithreán mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus de bharr fadhbanna sa slabhra soláthair a bhí ag údaráis áitiúla. Tabhaíodh coigiltí ar oibreacha leasúcháin agus ar Scéim Deontais do Dhaoine Faoi Mhíchumas freisin mar gheall nach raibh údaráis áitiúla in ann conraitheoirí a fháil chun an obair a dhéanamh laistigh den bhliain inar ceadaíodh iad.

**A.16 Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú**

*Soláthar meastacháin €65 mhilliún; toradh €25.284 milliún*

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €40 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Bhí an caiteachas €39.716 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán, de bharr na srianta a cuireadh i bhfeidhm san earnáil tógála agus de bharr na moilleanna a bhí i gceist leis an gclár a chur chun feidhme ag na húdaráis áitiúla mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19, rud a d'fhág go raibh caiteachas níos lú ná mar a measadh.

**A.17 An scéim deisiúcháin agus léasúcháin**

*Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €4.276 milliún*

Bhí an caiteachas €6.724 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, agus srianta Covid-19 mar chuid den chúis leis, ar srianta iad a raibh tionchar acu ar sholáthar agus ar shuirbhé a dhéanamh ar aonaid fholmha.

**A.18 Deontais tithíochta príobháidí**

*Soláthar meastacháin €60 milliún; toradh €53.99 milliún*

Bhí an caiteachas €6.01 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr na deacrachta a bhí ann an spriocleibhéal deontas a sholáthar (10,700 deontas i gcomhréir le gealltanais ón Rialtas) de bharr thionchar shrianta Covid-19 arbh é a bhí mar thoradh air formhór na n-údarás áitiúil gan a bheith in ann iomlán a leithdháiltí a tharraingt anuas mar chuir srianta Rialtais srian le gníomhaíochtaí na foirne teicniúla, le hacmhainní teiripeora saothair agus le hinfhaighteacht acmhainní tógála, rud a d'fhág nach raibh iarratais cheadaithe comhlánaithe agus nach rabhthas in ann dul ar aghaidh go dtí an chéim aisghabhála.

**A.20 Fóirdheontas tithíochta inacmhainne/úinéireachta comhroinnte**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €1.855 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €1.145 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin de bharr caiteachas níos lú ná mar a measadh a bheith ar líon na dteaghlach incháilithe faoin scéim tithíochta inacmhainne agus úinéireachta roinnte, (níl na scéimeanna seo beo d'iarratasóirí nua agus, dá bhrí sin, ní féidir ach le teaghlaigh a ceadaíodh cheana cáiliú nó gan cháiliú don fhóirdheontas de réir mar a thagann athrú ar an ngeilleagar). De réir mar a tháinig feabhas ar an ngeilleagar in 2021, bhí iarratasóirí ann a bhí ceadaithe faoi na scéimeanna i dtosach a thit amach as na bandaí ioncaim cáilithe le haghaidh na scéimeanna tithíochta inacmhainne agus úinéireachta roinnte, rud a d'fhág an caiteachas a bheith níos ísle ná mar a measadh.

**A.21 Ciste bonneagair**

*Soláthar meastacháin €88 milliún; toradh €19.903 milliún*

Bhí an caiteachas €68.097 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr easpa spéise i gCiste na Láithreán Seirbhísithe (CLS) agus athchóiriú a rinneadh air ina dhiaidh sin. Rinneadh an ciste a athchóiriú mar gheall nár síníodh ach ceithre chomhaontú deontais idir an Roinn agus údaráis áitiúla de na 40 tionscadal CLS le ceadú i bprionsabal, agus faoi dheireadh 2021 ní raibh ach trí thionscadal CLS ar an láithreán. Is é atá ann anois an Ciste Tithíochta Inacmhainne (CTI), agus táthar ag glacadh le hiarratais ar thionscadail nua nó le hathiarratais ar thionscadail CLS atá ann cheana ó bhí mí Mheán Fómhair 2021 ann. Níl tionscadail arna gceadú ag CTI ach ag dul ar aghaidh chuig an gcéim caiteachais anois.

Bhí caitheamh an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú níos ísle ná mar a measadh in 2021 de bharr thionchar shrianta Leibhéal 5 Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm sa chéad leath den bhliain 2021, a raibh laghdú ar ghníomhaíocht agus líon níos ísle éileamh a bhíothas ag cur isteach mar thoradh air. Níor tharla roinnt tionscadal a rabhthas ag súil le tús a chur leo in 2021 de bharr fadhbanna pleanála agus maoinithe go príomha.

**A.22 Leasúchán piríte agus míoca — airgeadteoranta**

*Soláthar meastacháin €40 milliún; toradh €19.05 milliún*

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €19 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Bhí an caiteachas €20.95 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin ar an iomlán agus is é an t-aschur leasúcháin a bheith níos ísle ná mar a measadh is cúis leis de bharr tionchar a bheith ag srianta Covid-19 ar obair leasúcháin a sceidealú agus a chur chun feidhme. Ní rabhthas in ann iarratais a dhéanamh ar an scéim leasúcháin míoca go dtí mí an Mheithimh 2020, agus mar aon le grúpa oibre a chur chun feidhme maidir le bloic choincréite lochtacha, cuireadh líon níos lú iarratas isteach in 2021.

**A.23 An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe**

*Soláthar meastacháin €10.875 milliún; toradh €9.456 milliún*

Bhí an caiteachas €1.419 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, a mbaineann €0.548 milliún de le moill a bheith ar chostais socraithe Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus iad gan a bheith tabhaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta, agus a mbaineann €0.430 milliún de le roinnt folúntas nach raibh líonta ag an nGníomhaireacht Tithíochta mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad. Ina theannta sin, bhí imeachtaí beartaithe ar siúl ar líne de bharr shrianta Covid-19, a raibh coigiltí ann mar thoradh air sin.

**A.25 Cigireacht ar chóiríocht ar cíos**

*Soláthar meastacháin €12.5 milliún; toradh €5.263 milliún*

Bhí an caiteachas €7.237 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar tá fóirdheontais na Roinne a thugann sí d'údaráis áitiúla bunaithe ar líon na gcigireachtaí comhlíontachta um rialacháin íoschaighdeán cíosa a dhéantar ar theaghaisí, a raibh tionchar tromchúiseach orthu de bharr shrianta na paindéime in 2021.

**A.26 Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe**

*Soláthar meastacháin €1.274 milliún; toradh €1.05 milliún*

Bunaíodh Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe go foirmiúil i mí Feabhra 2021. Bhíothas ag súil go mbeadh difríochtaí sa mhéid a bheifí in ann a sholáthar/a bhaint amach in 2021, de réir mar a d'fhorbair sé a chlár oibre le linn na bliana. Tá an tearc-chaitheamh €223,660 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr cur chun feidhme TFC a bheith céimnithe thar trí bliana in áit caitheamh mór amháin in 2021 go príomha.

**A.27 Cothabháil/folúis atá beartaithe**

*Soláthar meastacháin €13 mhilliún; toradh €32.146 milliún*

Fuarthas leithdháileadh breise €31.2 milliún ar chlár na bhfolús in 2021, lenar éascaíodh úsáid ghníomhach a bhaint arís as 1,475 aonad níos mó ná na meastacháin thosaigh. Bhí na haonaid bhreise sin ag teastáil mar chuid de ghníomhaíocht maolaithe i bhfianaise thionchar suntasach dhúnadh na hearnála tógála ar thithíocht nuathógtha a sholáthar.

**A.28 Cothromas comhroinnte inacmhainne agus cíos de réir costais**

*Soláthar meastacháin €110 milliún; toradh €9.253 milliún*

Bhí an caiteachas státchiste €100.747 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr na scéime cothromais comhroinnte inacmhainne (Scéim an Chéad Bhaile), ar athraíodh dáta seolta na scéime lena rabhthas ag súil go dtí R2 2022, de bharr nádúr casta dhearadh an táirge agus bhunú na huirlise chun an méid céanna a sholáthar. Bhí an caitheamh ar an iasacht chothromais 'cíos de réir costais' níos lú ná mar a measadh mar bhí tionscadail a bhí ceaptha a bheith curtha i gcrích in 2021 fós ar bun in 2022 de bharr moilleanna a d'eascair as srianta Leibhéal 5 Covid-19 go príomha.

**A.29 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €3.194 milliún; toradh €3.033 milliún*

Bhí an caiteachas €161,216 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr thionchar shrianta Covid-19, rud a d'fhág nár cuireadh roinnt tionscadal pleanála agus taighde tithíochta i gcrích in 2021. Bhí an caiteachas ar sheirbhísí dlí éagsúil ón soláthar meastacháin mar is réimse éileamhbhunaithe é seo agus ní féidir costais ná sceidil íocaíochta a thuar do chásanna dlí.

## Clár B Uisce

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | | 3,525 | 5,754 | 5,686 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 789 | 596 | 828 |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | | 26,213 | 21,423 | 22,618 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | | 56,500 | 48,056 | 43,988 |
| B.5 | Uisce Éireann | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,296,200 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,000 | | | |
| | | | 1,306,200 | 1,276,059 | 1,303,189 |
| B.6 | Údaráis áitiúla | | 13,590 | 17,892 | 12,374 |
| B.7 | Saincheisteanna comhshaoil oidhreachta maidir le huisce | | 5,000 | 165 | 43 |
| B.8 | Muirthimpeallacht | | 3,200 | 1,507 | 945 |
| B.9 | Comhlacht Comhairleach Uisce | | 320 | 48 | 18 |
| B.10 | Seirbhísí eile | | 34 | 124 | 5 |
| | | | **1,415,371** | **1,371,624** | **1,389,694** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €43.747 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí róchaitheamh €2.036 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár B, tá tearc-chaitheamh ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €45.783 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**B.3 Clár cáilíochta uisce**

*Soláthar meastacháin €26.213 milliún; toradh €21.423 milliún*

Bhí an caiteachas €4.79 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar bhí tearc-chaitheamh ar roinnt clár ón gCreat-Treoir Uisce de bharr gníomhaíocht laghdaithe mar thoradh ar shrianta Covid-19 sa chéad leath den bhliain. Thairis sin, bhí moill ar an dréachtphlean bainistíochta abhantraí a fhoilsiú, rud a d’fhág gur cuireadh siar go leor imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ar bhonn an phlean sin. Ina theannta sin, bhí tearc-chaitheamh suntasach ar chlár INTERREG V (bearta comhshaoil) ó AE mar bhí tarraingt anuas na dtionscadal níos moille ná mar a measadh.

**B.4 Clár uisce tuaithe**

*Soláthar meastacháin €56.5 milliún; toradh €48.056 milliún*

Bhí an caiteachas €8.444 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin maidir le caiteachas caipitil agus le caiteachas reatha araon de bharr fadhbanna pleanála a bhain leis na tionscadail, de bharr shrianta Covid-19 agus de bharr ganntanais acmhainní foirne údaráis áitiúil.

**B.6 Údaráis áitiúla**

*Soláthar meastacháin €13.59 milliún; toradh €17.892 milliún*

Ba mar thoradh ar dheis a tháinig chun cinn d'údarás áitiúil chun aisíocaíocht luath a dhéanamh ar iasacht gan íoc ó sheirbhísí uisce oidhreachta, rud a d'fhéadfadh coigilteas €1.7 milliún a sholáthar thar thréimhse na hiasachta, a tharla méadú €4.302 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó.

**B.7 Saincheisteanna comhshaoil oidhreachta maidir le huisce**

*Soláthar meastacháin €5 mhilliún; toradh €165,000*

Bhí an caiteachas €4.835 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar bhí na héilimh faoin gclár um Bonneagar arna Soláthar ag Forbróirí níos moille ná mar a measadh de bharr gur éilíodh ar údaráis áitiúla teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara (úinéirí talún, Uisce Éireann), de bharr saincheisteanna pleanála agus de bharr soláthair. Dá bhrí sin, bíonn tréimhse shuntasach ama i gceist chun na tionscadail a thabhairt chun críche.

Is scéim éileamhbhunaithe í an phríomhscéim leasúcháin deontais agus bíonn sé deacair caiteachas a thuar. Tá an Roinn ag scrúdú na slí le feabhas a chur ar ghlacadh na scéime seo faoi láthair.

**B.8 Muirthimpeallacht**

*Soláthar meastacháin €3.2 milliún; toradh €1.507 milliún*

Bhí an caiteachas €1.693 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr srianta Covid-19 nua a bhí ag teacht chun cinn agus ag imirt tionchar ar roinnt cláir oibre agus tionscadail taighde. Áirítear air sin obair a bhí beartaithe ag Foras na Mara faoin gcomhaontú seirbhíse ilbhliantúil, 2019 go dtí 2023, áit nár tarraingíodh anuas maoiniú mar a bhíothas ag súil leis.

**B.9 Comhlacht Comhairleach Uisce**

Soláthar meastacháin €320,000; toradh €48,000

Bhí an caiteachas €272,000 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr thionchar shrianta Covid-19 ar chláir an Chomhlachta Chomhairligh Uisce. Tionóladh na cruinnithe ar fad ar líne agus, mar sin, níor tabhaíodh aon chaiteachas taistil ná cruinnithe. Ní raibh aon táillí comhdhála i gceist, agus níor tabhaíodh an caiteachas ionchais ar oiliúint de bharr na srianta ach oiread.

## Clár C Rialtas Áitiúil

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | 7,971 | 9,810 | 10,728 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,785 | 1,253 | 1,752 |
| C.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 192,331 | | | |
| | *Forlíontach* | 197,300 | | | |
| | | | 389,631 | 699,300 | 1,056,060 |
| C.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | 18,366 | 8,399 | 15,557 |
| C.5 | Toghchóras | | 3,040 | 622 | 365 |
| C.6 | Seirbhísí eile | | 1,591 | 833 | 1,667 |
| | | | **422,384** | **720,217** | **1,086,129** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €297.833 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Bhí róchaitheamh €1.307 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana. Cé go léirítear róchaitheamh do phá ar an iomlán i gClár C, tá tearc-chaitheamh ar phá don vóta. Tharla iarmhéid na difríochta, ar róchaitheamh €296.526 milliún é, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**C.3 An Ciste Rialtais Áitiúil**

*Soláthar meastacháin €192.331 milliún; toradh €699.3 milliún*

Bhí an méadú ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin de bharr an ghá le tuilleadh tacaí Covid-19 in 2021 den chuid is mó. B'ionann an tacaíocht iomlán a cuireadh ar fáil agus €558.9 milliún. Ba é €507.3 milliún costas breise na tacaíochta sin don Státchiste, mar gur tháinig €51.6 milliún ó iarmhéideanna sa Chiste (€38.4 milliún ó airgead i gcomhair tacaíocht Covid-19 in 2020 a tugadh ar aghaidh agus €13.2 milliún ó chúlchistí Ciste). Cuireadh maoiniú Státchiste €197.3 milliún ar fáil tríd an meastachán forlíontach, agus clúdaíodh an t-iarmhéid le vírmint €310 milliún.

**C.4 Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála**

*Soláthar meastacháin €18.366 milliún; toradh €8.399 milliún*

Bhí an caiteachas €9.967 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gur cuireadh moill ar thionscadail chun stáisiúin dóiteáin a thógáil mar thoradh díreach ar shrianta Covid-19. Bhí tionchar ollmhór ar mhórchaiteachas eile ar shainfhearas dóiteáin freisin, a bhfuil a aga tionscanta sínithe go dhá bhliain anois.

**C.5 Toghchóras**

*Soláthar meastacháin €3.040 milliún; toradh €622,000*

Bhí an caiteachas €2.418 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall nach bhfuil an Coimisiún Toghcháin ag pointe go fóill ag a dtabhódh sé caiteachas TFC, mar aon le dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis ar fhorbairt gnéithe áirithe de thionscadal nuachóirithe an chláir toghthóirí.

**C.6 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €1.591 milliún; toradh €833,000*

Bhí an caiteachas €757,935 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr tosca lena n-áirítear caiteachas €500,000 nár theastaigh a aisghabháil i ndáil leis an bhfotheideal díobhálacha mailíseacha, caiteachas a bhí €128,600 níos ísle ná mar a bhí súil leis a bhain le Tionscadal INSPIRE, ceangaltas leanúnach dlí faoi Threoir ó AE, mar nach raibh roinnt soláthraithe sonraí sa riocht chun seirbhísí a iarraidh, agus caiteachas €170,000 ar sheirbhísí dlí. Is réimse éileamhbhunaithe é seo agus ní féidir costais ná sceidil íocaíochta do chásanna dlí a thuar, agus tháinig méadú €52,000 ar chaiteachas i ndáil le damáiste a rinneadh de dheasca stoirmeacha, ar a dtagann athrú ó bhliain go bliain.

## Clár D Pleanáil

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | 5,747 | 4,097 | 5,000 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | 1,288 | 767 | 1,345 |
| D.3 | An Bord Pleanála | | | 17,127 | 17,127 | 19,531 |
| D.4 | An Binse Pleanála | | | 4,000 | 657 | 4,322 |
| D.5 | Oifig an Rialálaí Pleanála | | | 3,088 | 2,992 | 2,481 |
| D.6 | Beartas pleanála | | | 725 | 715 | 366 |
| D.7 | Pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach | | | 275 | 163 | 219 |
| D.8 | Mo phlean | | | 185 | 152 | 115 |
| D.9 | Athnuachan/athghiniúint uirbeach | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 66,010 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 84,000 | | | |
| | | | | 150,010 | 40,898 | 39,564 |
| D.10 | Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha | | | 1 | — | — |
| D.11 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | | | 18,658 | 18,625 | 18,055 |
| D.12 | An Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) | | | 65,000 | 16,600 | 14,100 |
| D.13 | Imeall trá | | | 3,340 | 765 | 803 |
| D.14 | Pleanáil spásúlachta muirí | | | 1,050 | 783 | 188 |
| D.15 | Beartas pleanála comhshaoil | | | 350 | 36 | 65 |
| D.16 | Seirbhísí eile | | | 2,410 | 5,477 | 7,750 |
| | | | | **273,254** | **109,854** | **113,904** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €163.4 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €2.171 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana, agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €161.229 milliún é.

**D.4 An Binse Pleanála**

*Soláthar meastacháin €4 mhilliún; toradh €657,000*

Bhí an caiteachas €3.343 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go raibh an líon éileamh dlí a socraíodh in 2021 níos ísle ná mar a bhí súil leis. Níl smacht ar bith ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí arna ndámhachtain ag an mBinse Fiosrúcháin agus níl sé indéanta an t-am a shocrófar costais tríú páirtí a bhíonn dlite ag aon am ar leith a thuar.

**D.7 Pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach**

*Soláthar meastacháin €275,000; toradh €163,000*

Bhí an caiteachas €111,541 níos ísle ná an soláthar meastacháin de bharr nárbh fhéidir, mar gheall ar shrianta Covid-19, dóthain dul chun cinn a dhéanamh ar shraith Threoirlínte Alt 28 ar measadh go bhfoilseofaí iad in 2021. Dá bhrí sin, níor tháinig na costais ghaolmhara a bhain lena bhfoilseachán chun cinn in 2021. Chomh maith leis sin, ba lú ná a beartaíodh a bhí an méid taighde a rinne ESRI in 2021.

**D.9 Athnuachan/athghiniúint uirbeach**

*Soláthar meastacháin €150.01 milliún; toradh €40.898 milliún*

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €84 mhilliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €109.112 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar nádúr agus cineál na dtionscadal ar tacaíodh leo faoi Chlár an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (tógann sé am chun cláir chaipitil nua a chur ar bun) agus mar gheall gur cuireadh deireadh le tionscadail tógála in 2021 de dheasca shrianta Covid-19, a raibh moilliú ar dhul chun cinn tionscadal, chomh maith le costais tionscadal a bheith i bhfad níos lú ná an meastachán don bhliain 2021, mar thoradh air.

**D.12 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún**

*Soláthar meastacháin €65 mhilliún; toradh €16.6 milliún*

Bhí an caiteachas €48.4 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin, mar gheall, go príomha, gur cuireadh moill ar thógáil a bhí beartaithe, agus a bhí le tosú in 2021, de thoradh shrianta Covid-19. Chomh maith leis sin, diúltaíodh don iarratas pleanála ar láithreán Dhún Uí Dhubhuí sa Nás.

**D.13 Imeall trá**

*Soláthar meastacháin €3.34 milliún; toradh €765,000*

Bhí an caiteachas €2.575 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall nár tháinig aon bhun ar roinnt forálacha le linn na bliana. Áirítear air seo foráil do theagmhais Imeall Trá agus socruithe a rabhthas ag súil leo maidir le cásanna áirithe dlí nár tharla in 2021. Ina theannta sin, bhí an caiteachas ar tháillí dlí agus ar luachálacha níos ísle ná mar a bhí súil leis.

**D.14 Pleanáil spásúlachta muirí**

*Soláthar meastacháin €1.05 milliún; toradh €783,000*

Bhí an caiteachas €267,155 níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, arbh éigean go leor gnéithe den Chreat Náisiúnta deiridh um Pleanáil Mhuirí a chur siar nó a chur ar ceal dá réir. Bhí tearc-chaitheamh i gceist freisin mar gheall ar mhoill ar phoist a líonadh faoin gcomhaontú seirbhíse idir an Roinn, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Foras na Mara de dheasca shrianta Covid-19.

**D.15 Beartas pleanála comhshaoil**

*Soláthar meastacháin €350,000; toradh €36,000*

Bhí an caiteachas €313,775 níos ísle ná an soláthar meastacháin. Aistríodh cuid d'acmhainní an aonaid óna chlár oibre le go bhféadfaí díriú ar reachtaíocht riachtanach a bhí ag teastáil mar thoradh díreach ar phaindéim Covid-19 a chur chun cinn, agus bhí sé sin ar cheann de na príomhchúiseanna a bhain leis an tearc-chaitheamh. Chomh maith leis sin, cuireadh moill ar an Athbhreithniú ar Shoilse Tráchta, a bhí mar chuid den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, mar gheall gurbh éigean don aonad tairiscint a chur amach arís chun sainchomhairleoir nua a fháil.

**D.16 Seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €2.41 milliún; toradh €5.477 milliún*

Tháinig glanmhéadú €3.067 milliún ar chaiteachas fotheidil. Bhí caiteachas neamhbheartaithe €5.066 milliún ag teastáil i ndáil le pionóis ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cás C-261/18 – Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin. Rinneadh é sin a pháirt-fhrithháireamh trí thearc-chaitheamh €2 mhilliún i ndáil le hIonad Imeachtaí Chorcaí, ar ceist do Chomhairle Cathrach Chorcaí í a fhorbairt, de bharr nach ndearnadh dul chun cinn ar an tionscadal agus nár tabhaíodh caiteachas ar bith dá réir.

## Clár E Met Éireann

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán – pá | 15,021 | 13,816 | 13,573 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 17,600 | 11,145 | 8,577 |
| E.3 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta | 8,100 | 7,729 | 5,101 |
| E.4 | Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte | 2,100 | 969 | 1,016 |
| | | **42,821** | **33,659** | **28,267** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €9.162 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €7.66 milliún i gceist, a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana, agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €1.502 milliún é.

**E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte**

*Soláthar meastacháin €2.1 milliún; toradh €969,000*

Bhí an caiteachas €1.131 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar na córais nua samhaltaithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill agus difríochtaí a tharla mar gheall ar mhoilleanna ar an bpróiseas tairisceana agus ar earcú foirne araon.

## Clár F Oidhreacht

| | | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| F.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 35,561 | | | |
| | | *Forlíontach* | 880 | | | |
| | | | | 36,441 | 28,836 | 22,166 |
| F.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,969 | | | |
| | | *Forlíontach* | 735 | | | |
| | | | | 8,704 | 5,470 | 1,024 |
| F.3 | An Chomhairle Oidhreachta (á páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 9,561 | 9,651 | 7,394 |
| F.4 | Oidhreacht thógtha | | | 9,970 | 10,396 | 7,165 |
| F.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | | | 28,882 | 25,794 | 17,979 |
| F.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | | | 1,150 | 2,150 | 650 |
| F.7 | An scéim infheistíochta oidhreachta tógtha | | | 3,000 | 2,906 | 2,404 |
| F.8 | Athchóiriú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 14,000 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | | | | 17,000 | 9,874 | 6,988 |
| F.9 | Uiscebhealaí Éireann | | | 28,918 | 29,918 | 27,013 |
| | | | | **143,626** | **124,995** | **92,783** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár F €18.631 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €10.839 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana, agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar iarmhéid na difríochta, ar tearc-chaitheamh €7.792 milliún é.

**F.5 Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)**

*Soláthar meastacháin €28.882 milliún; toradh €25.794 milliún*

Bhí an caiteachas €3.088 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin go mór mór mar gheall ar mhoilleanna ar íocaíochtaí plean feirme a phróiseáil de thoradh acmhainn comhairleora feirme a bheith teoranta agus, ar bhealach níos ginearálta, mar gheall ar an bhfáil theoranta a bheith ar chonraitheoirí i gcás na sraithe tionscadal arna reáchtáil ag an Aonad Eolaíochta agus Bithéagsúlachta, cé nár baineadh amach an leibhéal deontas ar measadh go ndámhfaí iad faoi scéim rannpháirtíochta pobail na dtailte portaigh.

**F.6 Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €1.15 milliún; toradh €2.15 milliún*

Tharla an méadú €1 mhilliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin chun cur ar chumas Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann tionscadail bunriachtanacha a chur i gcrích ag Teach Fóite agus ag Caisleán Bhaile Sheáin.

**F.8 Athchóiriú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh**

*Soláthar meastacháin €17 milliún; toradh €9.874 milliún*

Áirítear san fhotheideal seo géilleadh iarchurtha €3 mhilliún a tugadh ar aghaidh ó 2020. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €7.126 milliún níos ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall gur imir srianta Covid-19 tionchar suntasach ar chomhairliúchán páirtithe leasmhara, a raibh moill ar Scéim Dreasachta Airgid a chur i bhfeidhm agus ar oibreacha ar thalamh ar roinnt láithreán a thosú mar thoradh air sin. Cuireadh moill ar roinnt ceannachán mórthalún freisin mar gheall ar shaincheisteanna tíolactha agus bhí roinnt láithreán tailte portaigh ann a bhí le forbairt ach nach ndearnadh dul chun cinn orthu mar a bhí súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Táillí is iníoctha ag na húdaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 1,956 | 2,168 | 1,747 |
| 2 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh arna n-áitiú i dtaca le hÁrachas Sóisialach (an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005) | 741 | 741 | 741 |
| 3 | Fáltais Met Éireann | 12,000 | 10,596 | 6,361 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 755 | 652 | 1,060 |
| 5 | Fáltais imeall trá | 2,400 | 2,300 | 1,776 |
| 6 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 420 | 395 | 377 |
| 7 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair | 35,978 | 40,516 | 36,002 |
| 8 | Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le bearta comhshaoil INTERREG V | 4,000 | 5,502 | 4,073 |
| 9 | Ciste na gCuntas Díomhaoin - Tús Áite don Tithíocht a Chur Chun Feidhme | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| 10 | Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - Clár INTERREG maidir le Limistéar an Atlantaigh | 108 | — | — |
| 11 | Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - Tionscadal RAGES | 14 | — | 15 |
| 12 | Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra | 465 | 161 | 137 |
| 13 | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó ligean ar cíos agus cearta iascaireachta, etc.) | 95 | 45 | 29 |
| | **Iomlán** | **61,932** | **66,076** | **55,318** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €4.144 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

**1 Táillí is iníoctha ag na húdaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh**

*Meastachán: €1.956 milliún; réadaithe: €2.168 milliún*

Bhí méadú €211,999 i gceist mar go n-eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a thugtar iniúchtaí chun críche agus bhí an clár níos tráthúla in 2021 ná mar a bhí súil leis.

**3 Fáltais Met Éireann**

*Meastachán: €12 mhilliún; réadaithe: €10.596 milliún*

Ba mar thoradh ar mhoilleanna ar fháltais a raibh súil leo i ndáil le muirir eitlíochta de dheasca thionchar shrianta Covid-19 a bhí an t-easnamh €1.404 milliún i gceist.

**4 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán €755,000; réadaithe: €652,000*

Bhí easnamh €103,048 i gceist mar go mbíonn sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go beacht.

**7 Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair**

*Meastachán: €35.978 milliún, réadaithe: €40.516 milliún*

Ba mar thoradh, go príomha, ar leibhéal méadaithe earcaíochta agus luach saothair san earnáil údarás áitiúil, mar aon le roinnt ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó 2020 a bheith á bhfáil in 2021, a bhí méadú €4.538 milliún i gceist.

**8 Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa i ndáil le bearta comhshaoil INTERREG V**

*Meastachán €4 mhilliún; réadaithe: €5.502 milliún*

Baineann an méadú €1.502 milliún go díreach le híostarraingt in B.3.4. Is féidir leis sin a bheith éagsúil, ar bhonn an mhéid a tharraingítear anuas in aon bhliain amháin.

**10 Fáltais Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa - Clár INTERREG maidir le Limistéar an Atlantaigh**

*Meastachán €108,000; réadaithe: €nialas*

Ba mar thoradh ar an tionchar a d’imir srianta Covid-19 ar thionscadail INTERREG ar fad, ar thacaigh an Rannóg Muirthimpeallachta leo, a bhí an t-easnamh €108,000 i gceist den chuid is mó. Ina theannta sin, tá saincheisteanna leanúnacha i gceist le tairseach TF an chláir INTERREG maidir le Limistéar an Atlantaigh arna oibriú ag an AE, rud a imríonn tionchar ar éilimh airgeadais a chur isteach.

**12 Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra**

*Meastachán €465,000; réadaithe: €161,000*

Ba mar thoradh ar shrianta Covid-19 a bhí an t-easnamh €303,447 i gceist. Cé gur fhan ár bpáirceanna agus spásanna faoin spéir ar oscailt, dúnadh ár n-ionaid cuairteoirí ar dtús de bharr na dianghlasála agus cuireadh teorainn leis an líon daoine a ceadaíodh isteach sna hionaid nuair a d’oscail siad arís. Bhí tionchar aige sin ar fháltais maidir le táillí iontrála.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Aisíocaíochtaí faoi Chlár Infheistíochta um Thithíocht Shóisialta (CITS) na nÚdarás Áitiúil | 503 | 3,423 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe | 193 | 91 |
| Aisíocaíochtaí | 61 | — |
| Fuascailt tionscadal arna maoiniú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil Tithíochta Deonaí | 10 | — |
| Léas imeall trá | — | 3,066 |
| Aisghabhálacha faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013 | — | 2,330 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (767) | (8,910) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Roinn | 1,366 | 1,207 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 213 | 220 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 102 | 104 |
| An Bord Pleanála | 180 | 184 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 89 | 89 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe | 118 | 111 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 15 | 15 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 24 | 21 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún | 54 | 39 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 19 | 13 |
| Uiscebhealaí Éireann | 344 | 333 |
| **Iomlán** | **2,524** | **2,336** |

## 5.2 Pá – Roinn

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 71,534 | 66,516 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 474 | 721 |
| Liúntais eile | 1,718 | 1,711 |
| Ragobair | 1,075 | 1,028 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,259 | 5,613 |
| **Pá iomlán** | **81,060** | **75,589** |

## 5.2 Pá – gníomhaireachtaí

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 59,831 | 54,652 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 90 | 87 |
| Liúntais eile | 994 | 937 |
| Ragobair | 1,008 | 695 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,589 | 4,966 |
| **Pá iomlán** | **67,512** | **61,337** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Roinn [a]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 211 | 15 | 22,002 | 27,290 |
| Liúntais eile | 187 | 79 | 28,676 | 28,134 |
| Ragobair | 238 | 28 | 32,613 | 31,120 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 208 | 77 | 40,805 | 48,159 |

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntas agus luach saothair eile atá thuas leis na baill foirne de chuid na Roinne a íoctar go díreach ón Vóta faoi chláir A go F.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — gníomhaireachtaí

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 37 | 2 | 17,960 | 23,325 |
| Liúntais eile | 295 | 26 | 15,680 | 15,556 |
| Ragobair | 296 | 26 | 23,614 | 30,663 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 203 | 67 | 13,276 | 25,014 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh ocht státseirbhíseach déag atá ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €79,448. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €192,695 i ndáil le triúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastail leo.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 39 | 133,688 | 69,799 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 14 | 30,628 | 20,422 |

Aistríodh duine amháin chuig an Roinn sa bhliain lenar bhain ró-íocaíocht dar luach €236.

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021 b'ionann olltuarastal bliantúil an Oifigigh Cuntasaíochta agus €213,859 (b'ionann é agus €211,742 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2021 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse fiosrúcháin maidir le cúrsaí áirithe pleanála agus íocaíochtaí [a] | 1997 | 141,301 | 658 | 4,322 |

Nóta [a] Beidh íocaíochtaí breise i gceist a bhaineann leis an mBinse. Ní féidir costais dheiridh a shuí ag an bpointe seo toisc go bhfuiltear ag fanacht le cinneadh ar na costais dlí tríú páirtí maidir leis an tréimhse ó 2002. Ar bhonn mheastachán agus chaiteachas an Bhinse go deireadh 2021, d'fhéadfadh costais bhreise tuairim is €5 mhilliún teacht chun cinn, a bhainfidh go príomha le hionadaíocht dlí tríú páirtí.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Oifig sa bhliain [a, b]**

| | Éilimh arna ndéanamh ag: | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Fíneálacha AE** | **2021** | **2020** |
| Líon na gcásanna | 3 | 21 | 1 | 25 | 14 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | — | — | — | 49 |
| Fíneálacha AE [c] | — | — | 5,476 | 5,476 | 7,745 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | | |
| Cúiteamh | 7 | 81 | — | 88 | 529 |
| Costais dlí | 6 | 609 | — | 615 | 283 |
| Costais dlí eile | — | 13 | — | 13 | — |
| **Iomlán** | **13** | **703** | **5,476** | **6,192** | **8,606** |

Nótaí

[a] Ag an 31 Nollaig 2021, bhí na héilimh seo a leanas gan íoc

- Díobháil phearsanta: 4 (2020:2)
- Éilimh eile: 1 (2020: 1)
- Fíneálacha AE: 1 (2020: 1)

[b] Ag an 31 Nollaig 2021, tá creidiúnaithe dlite eile curtha ar áireamh ag an Roinn. Is é €244,600 (2020: Nialas) iomlán na gcostas dlí gan íoc atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

[c] D'íoc an Roinn dhá thráthchuid d'fhíneálacha laethúla arbh ionann iad agus €5.476 milliún in 2021. Baineann na fíneálacha le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-261/18 - An Coimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin), agus tá siad ag teacht le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an mbreithiúnas a réiteach agus na fíneálacha laethúla a íoc.

**Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2021**

| | Éilimh arna ndéanamh ag: | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | |
| Líon na gcásanna | 2 | 13 | 15 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | 212 | 212 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 2 | 85 | 87 |
| Costais dlí | 6 | 194 | 200 |
| Costais eile | — | 40 | 40 |
| **Iomlán** | **8** | **531** | **539** |

### 6.3 Ús i ndáil le híocaíochtaí déanacha

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | **10,384** | **13,385** |

### 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2021 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Míniú ar an bhfotheideal:** | | | | |
| A.9 | Áiseanna pobail | 500 | 122 | 78 |
| A.18 | Deontais tithíochta príobháidí | 6,121 | 6,121 | 5,829 |
| F.3 | An Chomhairle Oidhreachta | 9,561 | 9,651 | 7,394 |
| | | **16,182** | **15,894** | **13,301** |

Tá na híocaíochtaí sin á bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta agus is féidir sonraí a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne: https://www.gov.ie/en/collection/129d3-national-lottery-funding/

### 6.5 Maoiniú ó AE

Áirítear íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa sa toradh a léirítear i bhfotheideal B.3. Is mar seo a leanas a bhí meastacháin maidir le caiteachas agus na torthaí iarbhír.

| | | 2021 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Míniú ar an bhfotheideal:** | | | | |
| B.3 | Clár cáilíochta uisce | 5,572 | 3,972 | 5,472 |

### 6.6 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas maidir le calaois líomhnaithe lena mbaineann údarás áitiúil amháin, ar calaois í a bhaineann le híocaíochtaí as seirbhísí uisce a sholáthar. Tá an Garda Síochána i mbun imscrúdaithe ar an gcás sin agus tá an Roinn ag fanacht le toradh an imscrúdaithe a fháil.

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €275.8 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fotheidil seo a leanas in 2021 a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

| | | €000 |
|---|---|---|
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | 175,000 |
| A.7 | An scéim cúnaimh caipitil | 2,900 |
| A.10 | Morgáiste go Cíos | 1,000 |
| A.14 | Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta | 500 |
| A.15 | Obair athghiniúna/leasúcháin eastáit | 4,200 |
| A.16 | Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú | 20,500 |
| A.21 | Ciste bonneagair | 30,500 |
| A.22 | Leasúchán piríte agus míoca – airgeadteoranta | 700 |
| A.27 | Cothabháil/folúis atá beartaithe | 12,000 |
| D.9 | Athnuachan/athghiniúint uirbeach | 25,000 |
| F.8 | Athchóiriú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh | 3,500 |
| | | **275,800** |

## Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

### 7.1 Cuntas an Chiste Forbartha Uirbí

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 8,385 | 14,111 |
| Fáltais | — | — |
| Caiteachas don bhliain | (1,702) | (5,726) |
| | **6,683** | **8,385** |

Is ionann an Ciste Forbartha Uirbí agus clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) chun tacú le tionscnaimh athghiniúna chomhtháite i lárionaid uirbeacha ainmnithe. Tá an scéim á hoibriú ag tionóil réigiúnacha atá ag bainistiú na n-údarás bainistíochta atá freagrach as caiteachas incháilithe a dhearbhú ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (le treoir ón údarás bainistíochta agus faoi réir fhíorú an údaráis bainistíochta) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn maoinithe chomhfhreagraigh. Rinneadh iarratais ar incháilitheacht faoin gCiste a bhreithniú i mí na Nollag 2015 agus bhí an clár á reáchtáil don tréimhse sin go dtí deireadh 2020. Leanfaidh íocaíochtaí faoin gclár ar aghaidh go dtí na míonna tosaigh den bhliain 2023. Is léiriú é an t-iarmhéid sa Chiste ar réamh-mhaoiniú a chuir CFRE ar fáil go dtí go bhfaighfear éilimh fhíoraithe i leith na dtionscadal lena mbaineann.

## 7.2 Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 68,460 | 69,393 |
| Costais neamh-inghnóthaithe [a] | (413) | (983) |
| Ioncam cíosa | 23 | 50 |
| **Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **68,070** | **68,460** |

Nóta [a] Costais áirithe a thabhaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta (GT) amhail costais dlí agus costais ghairmiúla chomh maith le costais chun tithíocht a fháil, níl siad inghnóthaithe agus, dá bhrí sin, laghdaíonn siad iarmhéid foriomlán an Chiste. Is ionann figiúr na gcostas neamh-inghnóthaithe in 2021 agus €412,607.

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta, arb ionann é agus ciste imrothlach, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, agus é mar chuspóir aige tuairim is 1,600 aonad a fháil mar éadáil i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2021 chun iad a úsáid i gcomhair tithíocht shóisialta. Sa tréimhse ó cuireadh tús leis an gciste sa bhliain 2017 go deireadh na bliana 2021, tá 868 réadmhaoin faighte mar éadáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag úsáid an chiste sin chun réadmhaoine folmha a fháil mar éadáil ó bhainc, ó infheisteoirí agus ón margadh oscailte (le haghaidh réadmhaoine Tús Áite don Tithíocht go príomha) i limistéir a bhfuil ardleibhéal éilimh ar thithíocht shóisialta iontu. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag obair i ndlúthchomhairle le húdaráis áitiúla chun a chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine oiriúnacha ach amháin i limistéir a bhfuil éileamh ar thithíocht shóisialta iontu. Díolann an Ghníomhaireacht Tithíochta na tithe, ar a gcostas, le comhlachtaí tithíochta ceadaithe chun an ciste a athlíonadh. Nuair a bheidh an clár tugtha chun críche, déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta aon iarmhéid deiridh den Chiste a aisíoc leis an Roinn.

Cé nár éirigh le ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta an sprioc 1,600 aonad a bhaint amach, de bharr dálaí margaidh den chuid is mó, éascaíodh 1,490 teach a fháil i gcomhair tithíocht shóisialta ó 2016 go 2021 [a] toisc gurbh ann do chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta agus d'fhoireann fáltais na Gníomhaireachta Tithíochta a bhaineann leis an gciste. Amhail deireadh R4 2021, fuarthas 868 [b] réadmhaoin trí chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta a úsáid. Cuireadh 52 réadmhaoin eile ar fáil faoi chlár chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta ach cheannaigh údaráis áitiúla go díreach iad in 2019/2020, agus maoiniú caipitil tríd an gClár Infheistíochta Caipitil um Thithíocht Shóisialta á úsáid.

Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta fáil 572 réadmhaoin mar éadáil chun críche agus í ag gníomhú thar ceann na n-údarás áitiúil.

Nótaí [a] Chuir an Roinn síolchistiú ar fáil sa bhliain 2016 sular bunaíodh an ciste go foirmiúil.

[b] Tháinig saincheist chun cinn le dhá cheann de na réadmhaoine a fuarthas, mar sin díoladh ar an margadh oscailte ina dhiaidh sin iad agus níor úsáideadh iad i gcomhair tithíocht shóisialta.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne in 2021 agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/ Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Pleanála | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 30 Meitheamh 2021 | 14 Nollaig 2021 |
| Ervia agus Líonraí Gáis Éireann | 2020 | 30 Márta 2021 | 20 Bealtaine 2021 | 23 Iúil 2021 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 2020 | 25 Márta 2021 | 6 Iúil 2021 | 13 Iúil 2021 |
| An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe [a] | 2020 | 7 Nollaig 2021 | 18 Feabhra 2022 | 21 Aibreán 2022 |
| Uisce Éireann | 2020 | 30 Márta 2021 | 20 Bealtaine 2021 | 13 Meán Fómhair 2021 |
| An Ciste Rialtais Áitiúil | 2020 | 26 Samhain 2021 | 26 Samhain 2021 | 10 Nollaig 2021 |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | 2020 | 28 Bealtaine 2021 | 16 Iúil 2021 | 22 Iúil 2021 |
| An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe | 2020 | 15 Meitheamh 2021 | 30 Meitheamh 2021 | 13 Meán Fómhair 2021 |
| Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 2020 | 13 Nollaig 2021 | 15 Feabhra 2022 | 4 Márta 2022 |
| Oifig an Rialálaí Pleanála | 2020 | 11 Meitheamh 2021 | 30 Meitheamh 2021 | 30 Iúil 2021 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) | 2020 | 17 Meitheamh 2021 | 18 Meitheamh 2021 | 20 Eanáir 2022 |
| An Chomhairle Oidhreachta | 2020 | 29 Meán Fómhair 2021 | 14 Deireadh Fómhair 2021 | 2 Feabhra 2022 |
| Uiscebhealaí Éireann | 2020 | 14 Nollaig 2021 | — | — |

Nóta [a] Áirítear air seo an Bord um Réiteach Piríte